

LÉIGIÚN MHUIRE NA PAIDREACHA TOSAIGH

In ainm an Athar agus an Mac agus an Spioraid Naomh Amen.

Tar a Spioraid Naoimh, líon croíthe do creidmheach agus las iontu do ghrá.

V. Cuir amach do Spioraid agus cruthófar iad.

R. Agus deanfaidh tú aghaidh na talún d'athnuachaint.

Guímis

A Dhia, a Athair Linn, doirt amach tíolacthaí do Naomhspioraid ar an domhan. Chuir tú do Spiorad anuas ar an Eaglais chun teagasc an tsoiscéil a thionscnamh; bíodh an Spiorad céanna sin ag saothrú go buan sa domhan trí chroíthe na gcreidmheach go léir.

Trí Chríost ár dTiarna. Amen.

V. Oslóidh tú mo bheola, a Thiarna:

R. Agus labharfaidh mo theanga do mholadh.

V. Crom chun mo chúnamh, a Dhia.

R. A Thiarna, brostaigh le cabhair.

V. Glóir don Athair agus don Mhac agus don Spioraid Naomh,

R. Mar a bhí ar dtús, mar ata anois, agus mar a bheas go brath le saol na saol. Amen.

Cúig deichniúir den Phaidrín ansin agus an Salve Regina.

V. Guigh orainn, a Noamh-Mháthair Dé.

R. Ionas go mb'fhiú sinn geallúna Chríost.

Guímis

A Dhia, gurbh é d'Aon-Mhac a cheannaigh dúinn luach saothar na beatha síoraí lena bheathe, lena bhás, agus lena aiséirí; tabhair dúinn, impímid, agmachnamh dúinn ar na rúndimahra sin i bPaidrín ró-naofa na Maighdine beannaithe Muire, na nithe a chiallaíonn siad do chur i ngníomh, agus an nithe agheallann siad dúinn d'fháil. Trid an gCríost chéanna ár dTiarna. Amen.

V. A Chroí Ró-naofa Íosa. R. Déan trócaire orainn.

V. A Chroí Mhuire gan Smál. R. Guigh orainn.

V. A Naomh Iósaf. R. Guigh orainn.

V. A Naomh Eoin Bruinne. R. Guigh orainn.

V. A Naomh Louis-Marie de Montfort. R. Guigh orainn.

In ainm an Athar etc

CATENA LEGIONIS

Ainteafon -Cé hí seo ag teacht mar an maidin ag éirí, caomh mar an ngealaigh, geal mar an ngréin, uaimhnech mar armáil faoi chórú catha?

Mórann ✠ m'anam an Tiarna.

Agus déanann mo spioraid gairdeas i nDia mo Shlánaitheoir.

Óir dhearc sé le fábhar ar isle a bhanóglai; mar féach, as seo amach déarfaidh na haoiseanna uile go bhfuilim beannaithe.

Óir rinne an Té atá cumhachtach nithe móra dom agus is naofa a ainm.

Agus tá a thrócaire ó ghlúin go glúin, orthu so ar a mbíonn a eagla.

D'oibrigh sé cumhacht lena láimh: scaip sé lucht an uabhair i smaointe a gcroí.

Leag sé prionsaí óna gcathaoireacha: agus d'ardaigh sé daoine ísle.

Líon sé lucht an ocrais le nithe maithe; agus chuir sé na saibhre uaidh folamh.

D'fhoir sé ar Iosrael a sheirbhíseach; ag cuimhneamh dó ar a thrócaire.

Do réir mar gheall sé dár n-aithreacha; d'Abraham agus dá shliocht go bráth.

Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spioraid Naomh.

Mar a bhí ar dtús, mar atá anois agus mar bhéas go bráth le saol na saol. Amen.

Ainteafon -Cé hí seo ag teacht mar an maidin ag éirí, caomh mar an ngealaigh, geal mar an ngréin, uaimhnech mar armáil faoi chórú catha?

V. A Mhuire a gabhadh gan peaca an tsinsir.

R. Guigh orainne atá ag dul ar do choimirce.

Guimis.

A Thiarna Ìosa Críost, ár nEagargánaí í láthair an Athar, gur dheoinleat do Mháthair, an Mhaighdean ró-beannaithe, do thabhairt dúinne freisin mar Mháthair agus mar Eadargánaí id láthair féin: deonaigh as ucht do thrócaire, gach éinne a thagann chugat ag iarraidh aisce, go mbeidh de shásamh aige gach ní is áil leis d'fháil tríthi. Amen.

NA PAIDREACHA DEIRIDH

In ainm an Athar etc

Cuirimid sinn féin faoi do choimirce, a Naomh-Mháthair Dé, ná diúltaigh dár n-urnaithe in am ár riachtanais, ach saor sinn i gcónaí ón uile chontúirt, aMhaighdean ghlórmhar bheannaithe.

V. A Chroi Mhuire gan Smál, a Eadargánaí na nUile Ghrás (nó an impí a bhaineann leis an bPraesidium). R. Guigh orainn.

V. A Naoimh Mícheál agus a Naoimh Gaibriél. R. Guigi orainn

V. A chumhachtaí uile na bhFlaitheas, a Leigiún Ainglí Mhuire. R. Guígí orainn

V. A Naomh Eoin Baiste. R. Guigh orainn.

V. A Naoimh Peadar agus a Naoimh Pól. R. Guígí orainn

Broon orainne, a Thiarna, a saigdiúracht dúinn faoi mheirge Mhuire, an creideamh iomlán úd ionat féin, agus an mhuinín iomlán aisti-se, dá bhfuil sé tugthaan saol do chloí.

Tabhair dúinn creideamh beomhar a bheidh beo ón gcartanacht, tréna bhféadfaimid ár ngníomhartha uile do dhéanamh le haon-ghrá duit, agus fheiscint agus tú riar i gcónaí faoi chló ár gcomharsan; creideamh daingean, chomh do-chorraithe leis an gcarraig, tréna mairfimid go socair seasmhach faoi chrosa, faoi chruatan, agus faoi mhealladh an tsaoil; creideamh misniúil a spreagfaidh sinn chun nithe móra do ghlacadh as láimh agus do chuir i gcrích gan eagla chun do ghlóire agus chun slánú anamacha; creideamh a bheidh in cholún tine dár Léigiún-ár dtreorú amach le chéile -ag cur grá Dé ar lasadh ins gach aon áit-ag tabhairt solais dóibh seo atá sa dorchadas agus faoi scáil an bháis -ag cur teasghrá iontu so atá marbh sa pheaca -agus ag seoladh ár gceimeanna féin ar bhóthar na síochana; ionas, tar éis dúinn an cath do bhaint, go dtionólfar ár Léigiún arís, agus gan Léigiúnaí ar bith as láthair, i Ríocht do ghrá agus do ghlóire.

Amen.

Go bhfaighe anamacha na Léigiúnaithe d'imigh romhainn, agus anamacha na bhfiréan go léir, suaimhneas síoraí trí thrócaire Dé. Amen.